

# Staidéar Idirnáisiúnta ar an Oideachas Saoránachta agus Saoránaíochta (ICCS 2009)



## Eolas do Thuismitheoirí

Is féidir tuilleadh cóipeanna den bhileog eolais seo (i bhformáid PDF) a íoslódáil ó <http://www.erc.ie/iccs>

### Cad é an ICCS?

Is staidéar idirnáisiúnta ar oideachas saoránachta agus saoránaíochta i scoileanna iarbhunoideachais é an ICCS. Beidh sé á dhéanamh in Éirinn agus in 37 tír eile. Mhol Tascfhórsa ar an tSaoránacht Ghníomhach de chuid an rialtais go nglacfadh Éire páirt sa staidéar seo.

Is é cuspóir an ICCS breathnú ar an mbealach a n-ullmhaítear daoine óga le dul i mbun a gcuid ról mar shaoránaigh.

Is í an Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus an Foras Taighde Ar Oideachas (Droim Conrach, Baile Átha Cliath) atá i mbun an ICCS in Éirinn.

### Cé a ghlacann páirt agus conas a roghnaítear iad?

Ar dtús, roghnófar scoileanna go randamach. Ansin piofear go randamach rang ón dara bliain i ngach scoil (nó dhá rang i gcás scoileanna móra). Bheidh measúnú an ICCS ar siúl i mí Feabhra 2009 i 160 scoil in Éirinn. Iarrfar ar thart ar 3,500 dalta páirt a ghlacadh. Iarrfar ar thart ar 130,000 dalta ó thart timpeall an domhain a bheith páirteach. Iarrfar ar mhúinteoirí agus ar phríomhoidí scoile daltaí na dara bliana ceistiúcháin ghearra a líonadh isteach.

### Cad a iarrfar ar dhaltaí a dhéanamh?

Ní gá do dhaltaí ullmhúchán a dhéanamh roimh ré. Iarrfar orthu tástáil 45 nóiméad a dhéanamh maidir le saoránaíocht agus le saoránacht. Iarrfar orthu ansin dhá cheistiúchán ghearra a líonadh isteach. Cuirtear ceisteanna orthu sa chéad cheistiúchán faoi rudaí ar nós a gcúlra baile, a ndearcadh ar mórcheisteanna saoránaíochta agus saoránachta, agus na gníomhaíochtaí a bhíonn ar siúl acu ar scoil agus tar éis na scoile. Cuirtear ceisteanna orthu sa dara ceann maidir leis an Eoraip agus leis an AE. Is féidir le do mhac nó le d'iníon tarraing siar ón staidéar ag tráth ar bith.

### Cén fáth go nglacfadh mo mhac nó m'iníon páirt?

Cuirfidh an ICCS eolas tábhachtach ar fáil maidir le hoideachas saoránaíochta agus saoránachta i scoileanna in Éirinn. Cuirfidh sé ar ár gcumas ár gcóras oideachais a chur i gcomparáid le córais i dtíortha eile. Cuideoidh sé linn a fheiceáil conas is féidir ár gcóras a fheabhsú. Tá sé tábhachtach go nglacfadh an méid daltaí agus is féidir páirt ann ionas go mbeidh na torthaí ionadaíoch ar gach grúpa daltaí in Éirinn.

Coinneofar gach eolas a bhailítear faoi rún. Ní bheifear in ann ainmneacha a chur ar scoileanna, ar mhúinteoirí ná ar dhaltaí, toisc go n-úsáidtear uimhreacha aitheantais in ionad ainmneacha. Bainfidh úsáid as na torthaí le cur síos a dhéanamh ar ghrúpaí móra scoileanna agus daltaí (mar shampla, dearcadh cailíní i gcomparáid le dearcadh buachaillí). Ní fhoilseoidh tuarascálacha ar scoileanna ná ar dhaltaí aonair.

### Le tuilleadh eolais a fháil:

Tabhair cuairt ar láithreán gréasáin an ICCS in Éirinn ag <http://www.erc.ie/iccs>

Tabhair cuairt ar láithreán gréasáin an ICCS idirnáisiúnta ag <http://iccs.acer.edu.au>

Déan teagmháil le Jude Cosgrove nó le Lorraine Gilleece: ríomhphost [iccs@erc.ie](mailto:iccs@erc.ie) nó teileafón 01 806 5217 / 806 5201